Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10122/22**

**SOC 377**
**EMPL 254**
**ECOFIN 613**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach<br>– Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 16 Meitheamh 2022.

**Nóta maidir leis an togra ón mBeilg agus ón Spáinn le haghaidh Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta a thabhairt isteach**

**Malartú tuairimí**

## RÉAMHRÁ

Ag Comhairle EPSCO an 15 Deireadh Fómhair 2021 agus arís ag an gComhairle an 6 Nollaig 2021, mhol an Bheilg agus an Spáinn Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta a thabhairt isteach ar mhaithe le gné shóisialta an tSeimeastair Eorpaigh a neartú.

An 27 Eanáir 2022, shainordaigh Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh do Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (CPS) réamh-shaineolas teicniúil a chur ar fáil a d'éascódh cinnteoireacht na n-airí.

## TORTHAÍ NA hOIBRE AR LEIBHÉAL NA gCOISTÍ ULLMHÚCHÁIN

D'oibrigh comhaltaí na gcoistí, lena n-áirítear laistigh d'fhoghrúpaí táscaire EMCO-IG agus CPS-ISG, chun tuairim a thabhairt ar an gceist. Leagtar amach sa tuairim sin (9222/22) conclúidí na malartuithe a tionóladh sna Coistí agus sa Choiste um Beartas Eacnamaíoch (CBE).

Tugadh le fios iontu sin go bhféadfadh nós imeachta den sórt sin cur leis an Scórchlár Sóisialta chun é a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach. Ní raibh na toscaireachtaí ar aon intinn, mar sin féin, maidir leis an sainmhíniú beacht a thabharfaí ar an 'éagothroime shóisialta' (agus ar bhonn níos lú maidir leis na táscairí agus na tairseacha a d'fhéadfaí a úsáid), ná maidir leis an mbreisluach a bheadh ag nós imeachta den chineál sin i ndáil leis na hionstraimí atá ann cheana, ar bhunúis dlí na hionstraime sin, ar an ualach riaracháin a eascraíonn as sin agus ar an uainiú ina bhféadfaí é a chomhtháthú sa Seimeastar. Thairis sin, leag comhaltaí CBE, a ndeachthas i gcomhairle leo freisin, béim ar fhadhb uainiú an tionscnaimh seo, agus an t-athbhreithniú leanúnach ar rialachas eacnamaíoch na hEorpa agus na forbairtí a d'fhéadfadh teacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (MIP) á gcur san áireamh.

**CONCLÚID**

Ag Coreper an 25 Bealtaine, bhí malartú tosaigh ag an Uachtaránacht inar cuireadh réamhbharúlacha in iúl. Thacaigh roinnt de na toscaireachtaí leis an tionscnamh sin inar léiríodh nach mór níos mó spáis a thabhairt do EPSCO agus do bheartais shóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ar an taobh eile, chuir Ballstáit eile i dtábhacht nár cheart ualach rómhór a leagan ar an Seimeastar agus cheistigh siad breisluach an tionscnaimh seo. Ar deireadh, léirigh grúpa toscaireachtaí dearcadh níos beaichte agus mhol siad go leanfaí den obair theicniúil, lena n-áirítear treoirthionscadal a eagrú ar bhonn rannpháirtíochta deonaí.

Dá bhrí sin, i gcomhthéacs malartú tuairimí, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an obair leantach ar an togra seo tríd an gceist seo a leanas a fhreagairt:

- *An measann tú go sásaíonn comhtháthú nós imeachta den sórt sin sa Seimeastar Eorpach an iarraidh sin ó Bhallstáit faoi leith béim níos mó a leagan ar bheartais shóisialta agus, más amhlaidh, cén dáta ar mhaith leat go gcuirfí chun feidhme é?*